

**Feidhm:** Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aclaíocht  
**Bileoga:** 8.1

- Scaip **Bileog 8.1**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Déan druil leis an rang ag cleachtadh an dá struchtúr seo atá pléite acu cheana. Is féidir ceisteanna a chur ar nós: *An foghlaim Gaeilge tú? An bhfuil tú ag foghlaim Gaeilge? An duine sláintiúil tú? An bhfuil tú sláintiúil?*
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh.
- Ceartaigh Cuid B leo nuair atá siad críochnaithe.

**Freagraí:**

(aclaí)	An duine aclaí é?	Sea/Ní hea
(sláintiúil)	An bhfuil tú sláintiúil?	Tá/Níl
(greannmhar)	An bhfuil sí greannmhar?	Tá/Níl
(falsa)	An duine falsa tú?	Sea/Ní hea
(míshláintiúil)	An duine míshláintiúil í?	Sea/Ní hea
(cliste)	An bhfuil sé cliste?	Tá/Níl

- Nuair atá na focail ar fad ar eolas acu agus na ceisteanna cearta cumtha do na freagraí éagsúla iarr orthu na ceisteanna a chur ar a chéile le cleachtadh maith a dhéanamh ar an dá struchtúr.
- Cuid C: Léigh tríd na treoracha faoi Chuid C. Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang iomlán. Cuir an téip ar siúl arís ansin dóibh más gá. Iarr ar chúpla duine cur síos a dhéanamh ar an eolas breise atá acu sa cholún ar dheis.

**Feidhm:** Ag rá cén aclaíocht a dhéanann tú  
**Bileoga:** 8.2 agus 8.3

- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 8.2** gearrtha amach agat roimh an rang.
- Cuir na foghlaimoirí ina ngrúpaí de thriúr agus tabhair cárta **Duine A** do dhuine amháin, cárta **Duine B** don dara duine sa ghrúpa agus cárta **Duine C** don duine eile.
- Míneigh do gach grúpa gur rólghníomhaíocht atá ann, gur iadsan an duine ar an chárta agus go ndéanann siad na rudaí éagsúla atá léirithe ar an chárta.
- Tabhair **Bileog 8.3** do gach duine sa rang.
- Cuid A: Réamhullmhúchán atá anseo sula mbeidh siad ag labhairt leis an bheirt eile sa ghrúpa. Tá na briathra ann le cuidiú leo abairtí a rá faoin aclaíocht (nó easpa aclaíochta) a dhéanann siad.
- Cuid B: Dul siar ar an dá cheist a bheidh ag teastáil uathu chun labhairt leis an bheirt eile atá anseo. Bí cinnte go bhfuil an dá cheist, agus na freagraí cearta, ar eolas acu sula mbogann siad ar aghaidh go dtí Cuid C.

- Cuid C: Cuir an triúr chun cainte ansin. Ba cheart go mbeadh comhrá ar nós an chomhrá seo acu:
  - An duine aclaí tú?
  - Sea. Is duine aclaí mé. Téim ag snámh trí lá sa tseachtain, téim ag siúl gach lá. Imrím leadóg dhá lá sa tseachtain agus téim ag seoltóireacht gach mí. Agus tú féin, an bhfuil tú aclaí?
  - Tá. Tá mé aclaí go leor.
- Abair leo an t-eolas a fuair siad ó na daoine eile sa ghrúpa a bhreac síos sna spásanna faoi leith sa bhosca faoi Chuid C.
- Nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe acu cuir cúpla ceist ar na foghlaimeoirí le fáil amach an bhfuil siad aclaí nó an daoine aclaí iad na daoine eile sa ghrúpa.
- Ceartaigh botún ar bith a chloisfidh tú.

**Feidhm:** Ag rá cad iad na rudaí a dhéanann tú ar mhaithe le do shláinte

**Bileoga:** 8.4

- Scaip **Bileog 8.4**
- Cuid A: Abair leo a bheith ag obair ina mbeirteanna le brí na bhfocal sna réaltaí a fháil. Abair leo focail ar bith eile atá ar eolas acu agus a bheadh úsáideach sa chomhthéacs seo a chur leis na focail sna réaltaí.
- Cuid B: Tabhair seans dóibh a bheith ag obair ina n-aonar le cúpla abairt a scríobh faoin dóigh a mbíonn siad ag ithe agus ag ól ar mhaithe lena sláinte féin.
- Cuid C: Téigh siar ar na briathra arís san Aimsir Láithreach agus an dóigh leis an cheist a chumadh sula gcuireann tú chun cainte iad.
- Cuir ina mbeirteanna iad agus iarr orthu ceisteanna a chur ar a chéile faoi na rudaí a dhéanann siad ar mhaithe lena sláinte ag úsáid an stór focal atá ar an bhileog.
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang ansin insint duit faoi cad a dhéanann siad ar mhaithe lena sláinte.

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine cad é mar a bhraitheann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 8.5

- Scaip **Bileog 8.5**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh – tá cuid de na frásaí atá cineál cosúil le chéile.
- Cuir ceist orthu ansin an bhfuil bealaí ar bith eile acu lena gcuid tuairimí faoin ábhar seo a chur in iúl. Scríobh na tuairimí atá acu ar an chlár dubh agus déan plé leis an rang ar fad faoi na focail/frásaí a fhaigheann tú.
- Cuid B: Abair leo a bheith ag obair ina mbeirteanna le comhrá a bhunú ar an phictiúr den bheirt bhan. Mar shampla:
  - Cad é mar atá tú inniu, a Mháire?
  - Níl mé ach go measartha. Tá slaghdán orm.

- Cad é mar a bhraitheann tú féin?
- Tá mise go maith, go raibh maith agat.
- Pléigh na comhráite éagsúla a bhí ag an rang agus ceartaigh deacracht ar bith a bhí acu.
- Léigh na treoracha faoi Chuid C. I ndiaidh dóibh machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil siad inniu iarr orthu labhairt le daoine eile sa rang le fáil amach cad é mar atá siad féin.
- Is cleachtadh scaoilte é seo le béim ar an rithim chainte.

**Feidhm:** Ag rá céard atá cearr leat

**Bileoga:** 8.6, 8.7, 8.8, 8.9 agus 8.10

- Scaip **Bileog 8.6**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Cuir ceist orthu an dtuigeann siad an uimhir iolra atá ag na cinn is coitianta. Seo thíos na cinn chomónta chomh maith le cinn nach bhfuil róchomónta má bhíonn siad ag teastáil.

**Freagraí:**

1. droim -	dromanna
2. ceann -	cinn
3. sciathán -	sciatháin
<b>4. lámh -</b>	<b>lámha</b>
5. muineál -	muiníl
6. tóin -	tóineanna
7. aghaidh -	aghaidheanna
8. rúitín -	rúitíní
9. srón -	sróna
<b>10. cos -</b>	<b>cosa</b>
<b>11. méar -</b>	<b>méara</b>
<b>12. súil -</b>	<b>súile</b>
13. béal -	béil
14. ladhar -	ladhracha
15. smig -	smigeanna
<b>16. glúin -</b>	<b>glúine</b>

- Cuid B: Tá ar na foghlaimeoirí ‘mo’ a chur roimh gach focal thuas anois. Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cén Ghaeilge atá ar bhaill eile den chorp ansin.
- Scaip **Bileog 8.7** agus mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh sibh ag plé bealaí éagsúla le cur síos ar phian agus a rá go bhfuil rud éigin cearr leat.
- Cuid A: Léigh na focail atá sa liosta leis an rang agus bí cinnte go dtuigeann siad cad is brí leo.

- Iarr orthu ansin a bheith ag obair leis an duine in aice leo le cur leis an liosta.
- Faigh na focail bhreise ar fad a bhí ag na foghlaimeoirí agus scríobh na smaointe a bhí acu ar an chlár dubh. Mar shampla:









Briathra: tit, leonaigh  
 Aidiachtaí: gortaithe, scriosta  
 Ainmfhocail: slaghdán, fliú

- Cuid B: Iarr ar an rang na habairtí a chur san ord ceart.
- Nuair atá siad críochnaithe abair leo a n-abairtí a thaispeáint don duine in aice leo le seiceáil an bhfuair siad na freagraí céanna.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad.

**Freagraí:**

1. Tá mo sciathán iontach nimhneach.
2. Ghortaigh mé mo chos ag imirt peile.
3. Bhris mé mo lámh an bhliain seo caite.
4. Leonaigh mé mo rúitín agus tá sé an-phianmhar.
5. D’ól mé an iomarca aréir agus tá póit orm inniu.
6. Tá slaghdán uafásach orm le seachtain.

- Scaip **Bileog 8.8** ar an rang.
- Cuid A: Abair leo a bheith ag obair ina mbeirteanna le brí na bhfocal san alt a aimsiú agus nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus ansin cuir an téip ar siúl.
- Ord an scéil:

Thit mé <b>7</b> 	Lá fliuch <b>3</b> 	Ghortaigh mé <b>8</b> 	Cara, 1pm <b>4</b> 
Madra <b>6</b> 	Dé Sathairn <b>1</b> 	Lá go dona <b>2</b> 	Bóthar na Farraige <b>5</b> 

- Cuir ag obair ina mbeirteanna an rang do Chuid C. Abair leo an scéal a scríobh i bhfocail ón mhéid a bhfuil cuimhne acu air ón téip.
- Cuir an téip ar siúl arís agus cuir ceist orthu faoin scéal ceart. Éist leis an scéal ó dhaoine éagsúla sa rang ansin.

- Déan cóip de **Bileog 8.9** do leath an ranga agus cóip de **Bileog 8.10** don leath eile. Má tá ochtar agat sa rang mar shampla déan ceithre chóip den dá bhileog.
- Cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Tabhair **Bileog 8.9** do dhuine den bheirt agus **Bileog 8.10** don duine eile.
- Abair leo gan na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Iarr orthu féachaint ar na pictiúir faoi Chuid A agus tabhair tamall dóibh machnamh a dhéanamh ar an rud a tharla dóibh ag an deireadh seachtaine agus ar cad é atá cearr leo anois dá bharr.
- Cuid B: Tabhair seans dóibh anois comhrá a bheith acu bunaithe ar an chomhrá atá ar an bhileog faoi Chuid B.
- Cuid C: Caithfidh siad anois an t-eolas a fuair siad ón duine eile faoi cad atá cearr leis/léi agus cén fáth a scríobh.

**Feidhm:** Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil biseach air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 8.11 agus 8.12

- Scaip **Bileog 8.11** agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Nuair atá sé déanta acu déan plé leis an rang ar bhrí na habairte.
- Déan Cuid B leo ansin. Léigh tríd na habairtí 1 go dtí 4 le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Míneigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le ceathrar cainteoirí ag rá cad é mar atá siad agus go gcaithfidh siad an abairt is fearr a dhéanann cur síos ar cad é atá le rá acu a roghnú.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Faigh na freagraí ó dhaoine éagsúla sa rang.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
- Cuid C: Léigh an cárta agus na dóigheanna gur féidir an cárta a scríobh.
- Cuir ceist orthu an bhfuil smaointe ar bith acusan faoi rudaí eile le scríobh ar an cárta.
  
- Scaip **Bileog 8.12** agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Tá an stór focal i dTopaic 1 cabhrach chuige seo chomh maith.
- Cuid B: Nuair atá na cártaí a scríobh siad pléite leis an duine in aice leo abair le daoine éagsúla a gcártaí a léamh amach.
- Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.
- Cuid C: Míneigh dóibh go mbeidh siad ag siúl timpeall an ranga ag cur ceiste cad é a tharla do dhaoine agus an bhfuil biseach orthu.
- Scríobh an comhrá samplach seo ar an chláir dubh le cuidiú leo:
  - Cad é mar atá tú?
  - Ní bhraithim rómhaith.
  - Cad é atá cearr leat?
  - Ghortaigh mé mo chos.

- An bhfuil biseach ag teacht ort?
- Tá. Tá mé ag teacht chugam féin anois.

**Feidhm:** Ag cur comhairle ar dhuine  
**Bileoga:** 8.13, 8.14 agus 8.15

- Scaip **Bileog 8.13** agus léigh tríd na treoracha faoi Chuid A. Téigh siar ar mhíniú na n-abairtí.
- Cuid B: Iarr ar an rang na bearnaí a líonadh agus na freagraí a sheiceáil leis an duine in aice leo nuair atá siad críochnaithe.

Freagraí:

1. Ba cheart duit níos mó aclaíochta a dhéanamh!
  2. Caithfidh tú níos mó torthaí a ithe.
  3. Caithfidh tú dul abhaile.
  4. Ba cheart duit dul chuig an dochtúir.
  5. Ba cheart duit sos a thógáil.
  6. Caithfidh tú luí síos.
  7. Ba cheart duit deoch uisce a ól.
- Pléigh na habairtí ar fad a bhí ag gach duine.
  - Cuid C: Níl sa chleachtadh seo ach seans a thabhairt do na foghlaimeoirí na habairtí a bhaineann le comhairle a thabhairt, a chleachtadh.
  - Scaip **Bileog 8.14**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
  - Cuid B: Abair le gach beirt a bheith ag obair le chéile leis an chomhairle is fearr a roghnú do gach tinneas.
  - Cuid C: Cuir an téip ar siúl anois agus iarr ar an rang an tinneas a cheangal leis an chomhairle de réir na gcomhráite atá ar an téip.
  - Cuir an téip ar siúl ansin dóibh faoi dhó.
  - Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
  - Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.

**Freagraí:**

1	2	3	4	5	6	7	8
F	A	D	C	H	B	G	E

- Bíodh na cártaí ar **Bileog 8.15** gearrtha amach agat roimh an rang agus curtha isteach i gclúdach litreach.
- Roinn an rang ina ghrúpaí de cheathrar. Bíodh clúdach litreach amháin agat do gach grúpa. Má tá sé dhuine dhéag sa rang agat beidh ceithre chlúdach litreach agat.

- Míinigh rialacha an chluiche dóibh:
  - Tógfaidh an chéad duine sa ghrúpa cárta amach as an chlúdach litreach.
  - Léifidh an duine sin an méid atá scríofa ar an cárta.
  - Caithfidh gach duine eile sa ghrúpa comhairle a thabhairt don duine sin.
  - Mar shampla:

Caithim tobac – caithfidh tú aire níos fearr a thabhairt duit féin  
Tá mo lámh tinn – ba cheart duit dul chuig an dochtúir
  - Roghnaíonn an duine a thóg an cárta an duine sa ghrúpa a thug an chomhairle is fearr dó/di. Tugann sé an cárta don duine sin agus is fiú pointe amháin an cárta.
  - Tógann an chéad duine eile sa ghrúpa cárta eile amach as an chlúdach litreach agus leanann an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil na cártaí ar fad pléite.
  - Beidh an bua ag an duine leis an méid is mó pointí.
- Nuair atá an cluiche críochnaithe pléigh cuid den chomhairle a tugadh le linn an chluiche leis an rang ar fad.

**Feidhm:** Ag tuiscint seanfhocal faoi chúrsaí sláinte  
**Bileoga:** 8.16

- Scaip **Bileog 8.16** ar na foghlaimoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Abair le gach beirt na seanfhocail a léamh amach os ard dá chéile. Caithfidh siad an leagan Gaeilge den seanfhocal ar chlé a cheangal leis an leagan Béarla ar dheis.
- Tabhair tamall do gach beirt a machnamh a dhéanamh ar an mhíniú ceart atá ag gach seanfhocal.
- Spreag plé faoin aidhm / ról atá ag seanfhocail.